Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13375/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0163 (COD)**

CODEC 1383
TRANS 416
MAR 127

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Meabhraíonn an Coimisiún go dtugtar isteach leis an gcomhaontú críochnaitheach ar tháinig na comhreachtóirí air i ndáil leis an togra leasaithe le haghaidh Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (‘EMSA’) athruithe ar an rialachas i gcomparáid leis an togra ón gCoimisiún. Leis na hathruithe sin, laghdaítear inniúlacht an Choimisiúin comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú maidir le cúrsaí acmhainní daonna agus cúrsaí buiséadacha.

Leis an aistriú ó aontoilíocht go tromlach ceithre chúigiú sa dara babhta vótála in Airteagal 20, mír 2, laghdaítear éifeachtacht choimirce an Choimisiúin i ndáil le dea-riarachán agus bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú. Tugann sé sin an baol isteach go bhféadfaí cinntí atá contrártha le creat dlíthiúil an Aontais is infheidhme - go háirithe an Rialachán Réime Airgeadais agus Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais - a ghlacadh mar sin féin, d'ainneoin agóid fhoirmiúil an Choimisiúin. Leis sin, d'fhéadfadh rioscaí tromchúiseacha airgeadais agus rioscaí do chlú a thabhairt isteach, don Choimisiún agus don Aontas Eorpach ina n-iomláine agus ní hamháin do EMSA.

Sa chomhthéacs sin, iarrann an Coimisiún ar an nGníomhaireacht agus ar a Bord Bainistíochta dul i mbun comhordú luath struchtúrtha leis an gCoimisiún maidir leis na dréachtchinntí uile atá le cur isteach lena nglacadh.